Regional Community Resilience Group

# RÉIDH DON AIMSIR

**Nuachtlitir an Ghrúpa Réigiúnaigh um Sheasmhacht an Phobail (RCRG) – Ullmhú na mBall don tSíon**

## FÁILTE

**Fáilte go dtí eagrán an Gheimhridh den nuachtlitir Ag Ullmhú don Aimsir ina bhfuil neart leideanna agus comhairle maidir le céimeanna simplí a thig linn go léir a ghlacadh le muid féin a #WeatherReady do na míonna atá amach romhainn..**

## Leagann an Roinn béim ar thábhacht na comhpháirtíochta maidir le bainistíocht riosca tuilte

### Tá béim curtha ag an Roinn Bonneagair ar thábhacht na comhpháirtíochta i mbainistíocht riosca tuilte.

Le blianta beaga anuas, agus an t-athrú aeráide agus na himpleachtaí tubaisteacha a bhíonn mar thoradh air go háitiúil agus go domhanda soiléir dúinn, tá tábhacht na bainistíochta riosca tuilte agus an cumas oibriú i gcomhpháirtíocht le muintir na háite, comhairlí áitiúla agus gnólachtaí áitiúla ríthábhachtach.

Ó bunaíodh an Grúpa Réigiúnach um Sheasmhacht Pobail (RCRG) in 2013, tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl le pobail maidir le héigeandálaí a bhaineann leis an aimsir.

Tá sé tábhachtach go leanfaidh an RCRG, a thugann le chéile comhpháirtithe ilghníomhaireachta, fóntais agus ionadaithe ón earnáil dheonach, de bheith páirteach lenár ngrúpaí atá ann cheana féin agus ag iarraidh grúpaí nua a bhunú freisin.

Bunaítear go leor grúpaí mar thoradh ar imeachtaí drochaimsire amhail na tuilte san Oirdheisceart i bhFómhar 2023. Ón imeacht sin, bunaíodh Grúpaí um Sheasmhacht Pobail (CRGanna) nua i bPort an Dúnáin, i nDún Pádraig agus inár 50ú grúpa, Grúpa um Sheasmhacht Pobail gnó an Iúir.

Bhuail foireann Stiúrthóireacht Abhann DfI le CRG BID an Iúir le déanaí le plé a dhéanamh ar thábhacht a gcomhpháirtíochta oibre dearfaí agus ar an dóigh a bhfuil siad ag cuidiú lena chinntiú go ndéantar faisnéis thábhachtach faoi aibhneacha agus riosca tuilte a chomhroinnt go héifeachtach leis an Iúr a dhéanamh níos seasmhaí i gcoinne tuilte anois, agus amach anseo. Féach air anseo: https://youtu.be/aZVIBugnOM8

Ba mhaith leis an Roinn, mar aon leis na comhpháirtithe ilghníomhaireachta uile, buíochas a ghabháil le gach ball de na 50 CRG a thugann a gcuid ama go deonach le cuidiú lena bpobail a bheith chomh hullmhaithe agus is féidir le freagairt d'éigeandálaí a bhaineann leis an aimsir.

Bain úsáid as an léarscáil atá nasctha thíos le cuardach a dhéanamh ar an CRG is gaire duit, tá sonraí teagmhála agus treoracha maidir le bheith páirteach ann fosta ag : https://www.infrastructure-ni.gov.uk/articles/regional-community-resilience-group






## Clár

### Geimhreadh 2025

leathanach


2 Straitéis Seasmhachta NIEPG don tréimhse 2025-2030
3 Samhaltú Ceartais Aeráide fá choinne Aistriú Cóir
4 "Grab Bag" na Croise Deirge agus Forrochtain Phobail
4 Comhairle Árachais dóibh siúd atá thíos le tuilte
5 Ár mBóithre a Choinneáil Sábháilte an Geimhreadh seo
6 Sábháilteacht Dóiteáin an Geimhreadh seo
6 Fócas NIE ar Ullmhacht don Gheimhreadh
7 Bí Ullamh don Gheimhreadh le hUisce TÉ
7 SPTÉ ag Tacú le Pobail Níos Sábháilte
8 Beart Imlonnaithe Scéim Maolaithe Tuilte Taoide Bhéal Feirste
9 Níos Láidre le Chéile
10 Bealaí le hEolas a fháil ar Loch Feabhail
11 Uimhreacha i gCás Práinne




# Seasmhacht níos láidre a thógáil i dTuaisceart Éireann: Straitéis um Sheasmhacht 2025-2030 NIEPG

**I mí an Mheithimh 2025, sheol an Fhoireann um Sheasmhacht Straitéis um Sheasmhacht 2025–2030 Ghrúpa Ullmhachta Éigeandála Thuaisceart Éireann (NIEPG), ina leagtar amach fís shoiléir maidir leis an dóigh a neartóidh Tuaisceart Éireann a chumas ullmhú d'éigeandálaí, freagairt dóibh agus teacht ar ais uathu.**

**Forbraíodh an straitéis trí chomhairliúchán fairsing le heagraíochtaí rannpháirtíochta** agus i go leor eagraíochtaí comhpháirtíochta, agus ceapadh é lena chinntiú go bhfanfaidh daoine agus pobail i gcroílár na pleanála agus na freagartha éigeandála.

**Ár bhFís:** Seasmhacht áitiúil a sholáthar ar fud Thuaisceart Éireann trí chomhoibriú a neartú, trí chomhpháirtíochtaí atá ann cheana a fhorbairt, agus trína chinntiú go bhfuil an réigiún ullmhaithe go maith le dul i ngleic le rioscaí agus éigeandálaí féideartha.

**Ár Misean:** Tuaisceart Éireann seasmhach a thógáil trí phleanáil agus bainistíocht éigeandála chomhordaithe a chuireann pobail chun tosaigh.

Tá an straitéis bunaithe ar cheithre thosaíocht straitéiseacha a threoróidh fócas agus gníomhaíocht an NIEPG thar na cúig bliana atá romhainn:

1. Bí Réidh – Cur chuige "na sochaí uile" i leith seasmhacht a chur chun cinn.
2. Feasacht Riosca agus Gníomh Coisctheach – Céimeanna réamhghníomhacha a spreagadh le rioscaí a laghdú agus ullmhacht a fheabhsú.
3. Rialachas – Cumas eagraíochtúil a neartú agus a chinntiú go bhfuil struchtúir láidre i bhfeidhm.
4. Caidrimh a Fheabhsú – Eispéiris agus foghlaim a roinnt le daoine eile le comhoibriú a neartú go háitiúil agus níos faide i gcéin.

Oibreoidh an Tionscadal um Sheasmhacht a Thógáil i bPobail (BRIC) go dlúth le grúpaí áitiúla RCRG le cuidiú leis na tosaíochtaí seo a bhaint amach i gcleachtas—ag tacú le naisc níos láidre, ullmhacht fheabhsaithe, agus foghlaim chomhroinnte ar fud an réigiúin.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin straitéis agus faoin dóigh a mbeidh tionchar aici ar iarrachtaí seasmhachta ar fud Thuaisceart Éireann, léigh Straitéis um Sheasmhacht NIEP 2025-2030 ina iomláine anseo.

# Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin: Samhaltú Ceartais Aeráide le haghaidh Aistriú Cóir

Derry City & Strabane District Council
Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin
Derry Cittie & Stràbane Destrick Cooncil

CLIMATE
Derry & Strabane

Chuaigh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i gcomhpháirtíocht le heagraíocht taighde sa Ríocht Aontaithe, Regen, le samhaltú a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn tionchar difriúil ag rioscaí aeráide agus an t-aistriú go dtí glan-nialas ar phobail áitiúla.

Aithníonn an staidéar go bhfuil na bagairtí aeráide is mó os comhair grúpaí ísealioncaim agus imeallaithe - ó thuilte agus teas go truailliú aeir - agus go bhfuil siad i mbaol eisiamh ó thionscnaimh ghlasa freisin.

Le haghaidh a thabhairt air seo, rinne DCSDC agus Regen mapáil riosca aeráide, leochaileacht shocheacnamaíoch, agus acmhainn phobail. Forbraíodh uirlis sonraí uathoibrithe le heagraíochtaí áitiúla atá gníomhach sa tseasmhacht aeráide nó pobail a aithint agus a chatagóiriú. Rinneadh iad seo a "shraithiú" bunaithe ar ábharthacht agus mapáladh iad le haird a tharraingt ar an áit is láidre nó is laige acmhainn an phobail.

## Léargais thábhachtacha:

- Tá an ceantar ag fulaingt ard-bhochtaineachta agus riosca aeráide, go háirithe i gceantair uirbeacha.
- Aithníodh 262 seirbhís pobail, lena n-áirítear 59 eagraíocht Leibhéal 1.
- Tá líonraí pobail níos láidre i gceantair Chathair Dhoire, ach níl freastal chomh maith sin ar cheantair an deiscirt.

## Céimeanna Eile:

Trí na léargais seo a thabhairt isteach i straitéisí seasmhachta áitiúla i gcoinne na haeráide agus i straitéisí glan-nialais, cuideofar leis an Chomhairle díriú ar chomhpháirtíochtaí, acmhainn a thógáil, agus aistriú cóir a sholáthar—ag cinntiú nach bhfágfar aon phobal ar gcúl sa bhogadh i dtreo todhchaí inbhuanaithe.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin taighde déan teagmháil le: cathy.burns@derrystrabane.com

# Tionscadal um sheasmhacht a Thógáil i bPobail (BRIC) a Thabhairt Isteach

**I mí Mheán Fómhair seoladh tionscadal nua dar teideal Seasmhacht a Thógáil i bPobail (BRIC) le dul i ngleic le pobail ar fud Thuaisceart Éireann.**

Tá sé mar aidhm ag tionscadal BRIC pobail níos láidre agus níos seasmhaí a chothú, ag cur ar a gcumas ullmhú níos fearr do réimse éigeandálaí.

Ceapadh beirt Oifigeach Seasmhachta Pobail Réigiúnach, Kathy Dawson, agus Keith Cullen, ar an fhoireann, atá á bainistiú ag Ciara O Hanlon, Bainisteoir Seasmhachta. Beidh na hOifigigh ag obair le comhghleacaithe DfI agus le réimse de chomhpháirtithe ilghníomhaireachta le cultúr ullmhachta a chruthú agus a fhorbairt trí thacaíocht shaincheaptha agus pleanáil áitiúil atá dírithe ar an phobal a chuireann ar chumas cónaitheoirí gníomhú in aimsir ghéarchéime.

Tá an fhoireann ag obair le roinnt comhpháirtithe ilghníomhaireachta pobalbhunaithe agus eagraíochtaí áitiúla le tacú le:

- Deiseanna foghlama ar ullmhacht teaghlaigh agus sábháilteacht phearsanta.
- Pleanáil Chomhoibríoch idir eagraíochtaí áitiúla, ceannairí agus cónaitheoirí le pleananna éigeandála saincheaptha a chruthú atá sonrach do riachtanais an phobail.
- Rochtain ar fhaisnéis ábhartha agus shonrach lena mbeifí in ann difríocht a dhéanamh i gcás éigeandála.




**Foireann BRIC ó chlé go deas Ciara O'Hanlon - Bainisteoir um Sheasmhacht, Lois McDonald, Kathy Dawson, Keith Cullen - Oifigigh um sheasmhacht Pobail.**

Dúirt Ciara O'Hanlon, "Creidimid, trí sheasmhacht a thógáil ag leibhéal an phobail, gur féidir linn cuidiú le tionchar tubaistí a laghdú agus a chinntiú go bhfuil gach duine níos ullmhaithe do cibé rud a bheidh i ndán dúinn as seo amach."

Coinnigh i dteagmháil le haghaidh tuilleadh nuashonruithe ar thionscadal BRIC agus an dóigh ar féidir leat a bheith páirteach le do phobal a dhéanamh níos ullmhaithe agus níos seasmhaí. Más gá tuilleadh eolais a fháil, seol ríomhphost chugainn **bricinfo@emergencypreparednessni.gov.uk**

# “Grab Bag” na Croise Deirge agus for-rochtain phobail

## Le linn shéasúr na stoirmeacha 2024-25 bhí cúig stoirm ainmnithe ann, ina measc Stoirmeacha Bert, Darragh agus Éowyn. Le gairid bhí Stoirmeacha Amy agus Bram againn.

D’oibrigh an Chros Dhearg le comhpháirtithe ilghníomhaireachta le tacú le daoine agus pobail a ndearna an damáiste agus an suaitheadh a tharla de bharr na n-imeachtaí seo difear dóibh, go háirithe daoine i gceantair níos iargúlta agus faoin tuath ab fhéidir leo a bheith scoite amach ar feadh laethanta fada i ndiaidh na gcineálacha seo eachtraí. Tig le foirne deonacha soghluaiste na Croise Deirge cuid de na háiteanna is iargúlta a bhaint amach agus fuair siad amach trína gcuid oibre for-rochtana go dtiocfadh le go leor daoine a bheith níos ullmhaithe do stoirmeacha amach anseo.

Le cuidiú leis seo a réiteach, tá méid beag maoinithe faighte ag an Chros Dhearg le stoc teoranta d’earraí ullmhachta riachtanacha a thógáil, amhail fleascáin, tóirsí foirceanta agus raidiónna. Déanfar iad seo a dháileadh le linn a seiceálacha for-rochtana agus leasa le tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh le linn mhíonna an gheimhridh.

Le hullmhacht fheabhsaithe a chur chun cinn, tá maighnéad cuisneora athdheartha acu fosta ar féidir é a chomhroinnt le teaghlaigh mar chuid de ghníomhaíochtaí for-rochtana.

**Bí Réidh le haghaidh éigeandálaí.** Ceann de na bealaí is simplí le hullmhú ná “Grab Bag” a bheith agat – ina bhfuil soláthairtí éigeandála riachtanacha. Ba chóir go mbeadh sé seo dlúth, éasca le hiompar, agus stóráilte in áit inrochtana ionas go mbeidh sé réidh nuair is gá. **Sábhálann ullmhacht beatha. Bímis réidh, le chéile.**




**CLICEÁIL ANSEO LEIS AN GHRAFAIC LÁNMHÉIDE A FHEICEÁIL**

# Comhairle Árachais dóibh siúd atá thíos le tuilte

## Tá an chomhairle árachais úsáideach thíos curtha ar fáil ag Cumann Árachóirí na Breataine do cheantair atá thíos le tuilte.

### Cad é a chlúdóidh mo chuid árachais?

Clúdaítear damáiste stoirme agus tuile faoi fhormhór na ngnáthpholasaithe árachas tí. Clúdaíonn polasaithe gnó tráchtála damáiste d’áitreabh agus do stoc i gcomhréir le do pholasaí agus má cheannaíonn tú árachas a chlúdaíonn cur isteach ar ghnó, clúdaíonn sé seo costais bhreise áirithe thrádála.

De ghnáth, socróidh árachas foirgneamh cóiríocht shealadach mura dtig cónaí a dhéanamh i do theach - má tá tú á ligean ar cíos, déan teagmháil le do sholáthraí árachais ábhair agus labhair le húinéir na maoine faoina n-árachas fosta.

Is tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar do pholasaí árachais go rialta agus labhairt le do sholáthraí lena chinntiú go dtuigeann tú cad é atá clúdaithe. Mar shampla, ní gnách go mbíonn fálta a ndearnadh damáiste dóibh de bharr stoirmeacha san áireamh i bhformhór na bpolasaithe.

### Ag ullmhú d‘aimsir an gheimhridh

Is minic a tharlaíonn damáiste mar gheall ar dhroch-chothabháil foirgnimh agus de ghnáth éilíonn polasaithe árachais go gcoimeádfar do mhaoin i riocht maith. Tig le cúpla céim shimplí cuidiú le damáiste a theorannú, lena n-áirítear glanadh na ngátar go rialta, tíleanna scaoilte a shocrú, aon chraobhacha crann scaoilte nó crochta a bhaint go sábháilte agus sceitheanna nó scoilteanna i ndoirse agus i bhfuinneoga a shocrú.

Má tá cónaí ort i gceantar atá i mbaol tuilte, smaoinigh ar bhearta um sheasmhacht mhaoine a fheistiú amhail geataí tuile nó clúdaigh brící aeir – thiocfadh leat a bheith incháilithe don Scéim Deontais um Chosaint Tuilte d'Úinéirí Tí. Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear incháilitheacht, ar fáil anseo: https://www.infrastructure-ni.gov.uk/articles/homeowner-flood-protection-grant-scheme.

Coinnigh súil ar rabhaidh aimsire agus ar chomhairle oifigiúil. **Má tá stoirm ar an bhealach**, daingnigh nó stóráil earraí gairdín ar nós dréimirí ionas nach séidfear timpeall iad. **Má tá tuilte á dtuar**, bog earraí luachmhara suas staighre nó go dtí áit ard agus, más sábháilte é sin a dhéanamh, bog do charr go limistéar nach bhfuil an dóchúlacht ann go mbeidh tuilte ann.

Bí cinnte go bhfuil uimhreacha teagmhála éigeandála d’árachóra ar láimh agat.

### Má tharlaíonn damáiste duit

Téigh i dteagmháil le d’árachóir a luaithe is féidir leis an phróiseas éilimh a thosú. Tá línte cabhrach éigeandála 24 uair an chloig ag formhór acu lena chinntiú go bhfaigheann tú comhairle maidir leis an mhéid atá le déanamh agus deisiúcháin a shocrú a luaithe is féidir. Má bhí tú faoi uisce, fiafraigh de d’árachóir an bhfuil tú incháilithe don scéim Build Back Better, a chuidíonn le híoc as bearta um sheasmhacht tuilte le linn an phróisis deisiúcháin.



Tuilte ar an Iúr D.Fó 2023

Más gá, socraigh deisiúcháin éigeandála shealadacha le damáiste ar bith a chosc ó dhul in olcas, ach labhair le d’árachóir ar dtús agus coinnigh admhálacha ar bith. Ná déan deifir le hearraí a bhfuil damáiste dóibh a chaitheamh amach mura bhfuil siad ina mbaol don tsláinte.

Is féidir le d’árachóir coigeartóir caillteanais a cheapadh leis an éileamh a mheas agus na deisiúcháin a bhainistiú, lena n-áirítear suirbhé faoi sheasmhacht tuilte maoine, ag moladh oibre le seasmhacht tuilte do thí a fheabhsú. Ba chóir scéala a fháil ón choigeartóir caillteanais go luath i ndiaidh duit teagmháil a dhéanamh le d’árachóir. Má dhéanann measúnóir caillteanais neamhspleách nó cuideachta bainistíochta éileamh teagmháil leat ar leithligh a thairgeann an t-éileamh a dhéanamh ar do shon, bí cinnte go bhfiosraíonn tú a dtáillí, mar ní bheidh na costais seo in-aisghafa ó d’árachóir, agus tusa a íocfaidh astu.

# Ár mBóithre a Choinneáil Sábháilte an Geimhreadh seo

## Agus an geimhreadh ag teacht, tá foireann Bainistíochta Sócmhainní Iompair agus Bóithre (DfI TRAM) na Roinne Bonneagair ag obair go dian arís leis an trácht a choinneáil ag bogadh go sábháilte ar fud Thuaisceart Éireann.

Ritheann séasúr na Seirbhíse Geimhridh ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 30 Aibreán, agus bíonn foireann ar fuireachas 24 uair sa lá le monatóireacht a dhéanamh ar na dálaí aimsire agus salann a scaipeadh nuair is éifeachtaí é.

Ós rud é nach féidir salann a chur ar gach bóthar, díríonn DfI TRAM ar na bealaí is mó a iompraíonn trácht agus os cionn **80% de na feithiclí**. Áirítear leis seo:

- Príomhbhealaí a úsáideann níos mó ná **1,500 feithicil sa lá**.
- Féadfar bóithre gnóthacha eile le breis is **1,000 feithicil sa lá** a áireamh nuair a bhíonn na dálaí deacair agus nuair a bhíonn acmhainní ar fáil.
- Bealaí tábhachtacha do bhusanna scoile agus poiblí – meastar bus 40 suíochán mar 40 feithicil! Tá socruithe speisialta i bhfeidhm do scoileanna tuaithe.
- Naisc ghearra ó lonnaíochtaí beaga **(le 100 teach nó níos mó)** go dtí an príomhbhóthar a bhfuil salann curtha air.

De ghnáth ní chuirtear salann ar na bealaí eile ar fad, ach ar bhóithre níos ciúine, cuirtear boscaí salainn áitiúla agus carn greanta ar fáil don phobal. Ar fud Thuaisceart Éireann, tá thart ar 5,600 bosca salainn agus 55,000 carn salainn ar fáil ar bhonn féinchabhrach. Athlíontar iad seo chomh gasta agus is féidir, ach le linn tréimhsí gnóthacha, caithfear tús áite a thabhairt do phríomhbhealaí agus do bhóithre ardtráchta le leas an líon is mó úsáideoirí a bhaint amach.

In ainneoin dícheall gach duine, níl aon ráthaíocht ann go mbeidh na bóithre saor ó oighear. Tógann sé suas le 3.5 uair an chloig salann a chur ar bhealach, agus má bhíonn sé ag cur báistí, is féidir an salann a ní ar shiúl - mar sin tiomáin go cúramach. Le tuilleadh eolais a fháil is féidir leat Bileog DfI nó an Léarscáil Líonra Bóithre Saillte TRAM DfI ar líne a léamh.

## Oighear agus Sneachta a Ghlanadh

De ghnáth ní chuireann DfI TRAM salann ar chosáin ach le linn tréimhsí fada fuara is féidir go mbeidh siad ag obair le Comhairlí le lár na mbailte gnóthacha a ghlanadh. Bíonn go leor daoine ag meabhrú faoi cé acu atá cead acu sneachta a ghlanadh ó chosáin - tá! Níl aon dlí ann a chuireann cosc ort é sin a dhéanamh, agus má ghlanann tú sneachta go cúramach, ní dócha go mbeidh tú faoi dhliteanas (mar a chomhairligh an tArd-Aighne in 2010).

## Na Leideanna is Fearr le Sneachta agus Oighear a Ghlanadh

- **Déan go luath sa lá é** – is fusa sneachta scaoilte/úr a ghlanadh.
- **Bain úsáid as salann nó gaineamh**, ní uisce a dtiocfadh leis athreo agus oighear dubh contúirteach a chruthú.
- **Seachain cosáin nó draenacha a bhlocáil** le sneachta.
- **Tabhair aird bhreise ar chéimeanna agus fánaí** – bíonn salann breise de dhíth anseo.

Is féidir leat fadhb le hoighear agus sneachta a thuairisciú, bosca salainn nua nó carn greanta nua, nó athlíonadh bosca salainn atá ann cheana féin a iarraidh ar líne ag Tuairiscigh fadhb le hoighear nó sneachta | nidirect

Le chéile, is féidir linn cuidiú lenár mbóithre agus ár gcosáin a choinneáil sábháilte an geimhreadh seo.



# Bí Sábháilte agus Te: Sábháilteacht Dóiteáin an Geimhreadh seo

## Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (NIFRS) ag impí ar gach duine a bheith sábháilte ó thaobh dóiteáin de an geimhreadh seo agus i rith shéasúr na Nollag.

De réir mar a thiteann an teocht, caithimid níos mó ama a chaitheamh istigh agus téamh, coinnle, fearais chócaireachta agus maisiúcháin leictreacha in úsáid, rud a mhéadaíonn an baol dóiteáin de thaisme. Is féidir leis an Nollaig a bheith ina tréimhse thar a bheith gnóthach agus ní i gcónaí a bhíonn go leor airde ar chúrsaí dá réir, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach a bheith airdeallach i gcónaí. Is féidir le cúpla réamhchúram simplí cuidiú le do theach agus do mhuintir a choinneáil slán.

### Cad é is féidir leat a dhéanamh le cuidiú le dóiteán a chosc?

Tá ról ag gach duine chun a dteach agus a bpobal a choinneáil sábháilte an geimhreadh seo. Seo roinnt leideanna tábhachtacha ó NIFRS:

- Seiceáil d'aláram deataigh gach seachtain agus cinntigh go bhfuil ceann agat ar gach urlár de do theach.
- Bain úsáid as téitheoirí go sábháilte trí iad a choinneáil amach ó éadaí, cuirtíní agus troscán.
- Bí cúramach le coinnle: ná fág iad gan aire riamh agus seachain iad a chur in aice le maisiúcháin, cuirtíní, nó crainn Nollag.
- Déan iniúchadh ar shoilse agus gléasanna Nollag: seiceáil le haghaidh sreanga stróicthe, seachain ró-ualú soicéid, agus múch iad san oíche.
- Ná fág bia á chócaráil gan aire riamh, go háirithe má tá tú tuirseach nó má tá d'aird ar nithe eile.
- Sula dtéann tú a luí, dún doirse inmheánacha, múch fearais, agus déan cinnte go bhfuil bealaí éalaithe ar fáil.

**Má tharlaíonn dóiteán i do theach:**

- Fág an teach
- Fan amuigh
- Glaoigh ar 999 agus iarr an tSeirbhís Dóiteáin agus Tarrthála



Tástáil aláram deataigh gach seachtain

Cuireann NIFRS seiceáil sábháilteachta dóiteáin baile ar líne saor in aisce ar fáil fosta. Is féidir leat measúnú ar líne a chomhlánú le rioscaí féideartha i do theach a aithint agus comhairle shábháilteachta shaincheaptha a fháil. Más gá, is féidir le NIFRS cuairt phearsanta a shocrú le tuilleadh tacaíochta a sholáthar.

Le tuilleadh eolais a fháil nó le seiceáil sábháilteachta dóiteáin tí a chomhlánú, gabh chuig Seiceáil Sábháilteachta Dóiteáin Baile NIFRS.



Déan seiceáil sábháilteachta dóiteáin sa bhaile

# Fócas NIE ar ullmhacht don gheimhreadh

## Oibríonn foirne NIE Networks i rith na bliana le soláthar leictreachais sábháilte agus iontaofa a choinneáil ar fud Thuaisceart Éireann.

Mar sin féin, is féidir– go háirithe i rith an gheimhridh – cur isteach gan choinne a bheith mar thoradh ar dhrochaimsir go fóill.

Luasanna gaoithe nár taifeadadh riamh a bhí mar thoradh ar stoirmeacha na bliana seo caite, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le bheith ullamh do ghearradh cumhachta féideartha. Tá sé seo ríthábhachtach go háirithe dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, atá ag obair sa talmhaíocht, nó atá ag brath ar leictreachas le haghaidh riachtanais chúram sláinte.

Agus muid ag druidim leis an gheimhreadh, molann Líonraí NIE Networks do gach custaiméir cúpla réamhchúram simplí a ghlacadh:

- Coinnigh tóirse agus cadhnraí breise in áit atá furasta a rochtain.
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil do bhosca fiús suite.
- Sábháil sonraí teagmhála Líonraí NIE ionas gur féidir leat briseadh cumhachta ar bith a thuairisciú go gasta.

Má úsáideann tú geataí leictreacha nó má thiomáineann tú feithicil leictreach, déan cinnte gur féidir leat rochtain a fháil ar do mhaoin de láimh agus coinnigh d'fheithicil luchtaithe roimh ré.

Dóibh siúd a mbeadh tacaíocht bhreise de dhíth orthu, cuireann NIE Networks cúnamh ar fáil trína bhFoireann Chustaiméirí Leochaileacha tiomnaithe. Tá oiliúint faighte ag baill foirne le cuidiú le daoine a bhfuil néaltrú, deacrachtaí foghlama agus riochtaí eile orthu.

Is féidir le custaiméirí a bhraitheann ar leictreachas le haghaidh trealaimh leighis nó cúram sláinte clárú le haghaidh Chlár Cúraim Chustaiméirí. Cinntíonn sé seo go bhfaigheann siad nuashonruithe agus tacaíocht le linn briseadh cumhachta. Le clárú, téigh chuig an nasc thuas nó glaoigh ar **03457 643 643**.

I gcás briseadh cumhachta, ba chóir sábháilteacht a chur i dtús áite i gcónaí:

- Ná bain do threalamh leictreach a bhfuil damáiste déanta dó.
- Seiceáil isteach ar chomharsana nó baill teaghlaigh leochaileacha.
- Tuairiscigh briseadh cumhachta trí Shuíomh Gréasáin Líonraí NIE, WhatsApp, Facebook, nó trí ghlaoch a chur ar 03457 643 643.



**Tá NIE ag obair go dian le sibh a choinneáil ceangailte an geimhreadh seo.**

# Bí Ullamh don Gheimhreadh le hUisce TÉ

**Agus muid ag druidim le míonna an gheimhridh, tá NI Water ag iarraidh ar gach duine a bheith ullamh do dhálaí aimsire foircneacha féideartha agus díriú ar roinnt céimeanna éasca ach tábhachtacha chun cabhrú le soláthar uisce a choinneáil ag sileadh.**

## Aimsigh do chomhla stoptha

Le hullmhú don gheimhreadh, ba chóir d'úinéirí réadmhaoine díriú ar thábhacht a gcomhla stoptha a aimsiú, go háirithe roimh an gheimhreadh nó roimh leá, le cuidiú le damáiste uisce ó phíopaí pléasctha a chosc. Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach duine san áitreabh cá bhfuil an chomhla suite (tá an chuid is mó díobh faoin doirteal cistine) agus an dóigh le hí a mhúchadh i gcás éigeandála. Tá clibeanna comhla stoptha uisce NI saor in aisce ar fáil le hordú trí https://www.niwater.com/need-our-help/winter-proof-your-home/free-stop-valve-tag le lúbadh thart ar do chomhla stoptha, rud a fhágann go mbíonn sé furasta a aithint i gcás píopa pléasctha.

## Tacaíocht Uisce TÉ

Ba mhaith le hUisce TÉ a chur i gcuimhne do gach duine fosta faoina sheirbhís rabaidh théacs saor in aisce. Tugtar "Keeping you Informed" air agus seolann sé rabaidh théacs chuig custaiméirí faoi thionchair fhéideartha ar a soláthar uisce nó ar sheirbhísí gaolmhara eile. Le clárú, caithfidh tú dul chuig Suíomh Gréasáin NI Water: www.niwater.com/whats-happening-in-your-area/register-for-keeping-you-informed

Cuireann NI Water áis chuardaigh cód poist saor in aisce ar fáil fosta a sholáthraíonn faisnéis fíor-ama faoi dheisiúcháin, briseadh soláthair líonra agus feabhsuithe pleanáilte: www.niwater.com/whats-happening-in-your-area/.

## An Nasc a Choinneáil

Gach geimhreadh, oibríonn Uisce TÉ i gcomhar le trí chomhlacht fóntais eile – Líonraí NIE, Openreach agus Phoenix Energy – le feachtas bliantúil an Chomhghrúpa Fóntais a sheoladh, ag soláthar tacaíocht agus cúnamh frithpháirteach le linn tréimhsí drochaimsire nó cásanna gan choinne eile. Tá sé mar aidhm ag an fheachtas fosta a chinntiú go mbíonn úinéirí réadmhaoine réidh agus ullmhaithe don gheimhreadh trí fhaisnéis úsáideach agus bealaí le bheith ceangailte a thairiscint le linn drochaimsir gheimhridh.

## Cuairteoirí bréige

De réir mar a éiríonn na tráthnónta níos dorcha, tá Uisce TÉ ag ardú feasachta faoi ghlaoiteoirí bréige. Má thagann tú ar dhuine a mhaíonn gur as Uisce TÉ iad, ná lig isteach iad gan cárta aitheantais fíoraithe Uisce Éireann a bhfuil a ngrianghraf air. Seiceáil an bhfuil an cuairteoir fíor trí ghlaoch ar uimhir neamhéigeandála na bpóilíní, 101, agus bain úsáid as an scéim "Seiceáil Ghasta".



Aimsigh agus lipéadaigh do chomhla stoptha an geimhreadh seo.

# SPTÉ ag Tacú le Pobail Níos Sábháilte – Tugaimid Aire, Éistimid, Gníomhaímid

**Agus an geimhreadh linn anois, tá sé ríthábhachtach go ndéanaimid roinnt céimeanna breise le hathbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht ár dtithe agus í a fheabhsú.**

Tá roinnt comhairle phraiticiúil curtha le chéile againn a chuideoidh leat a bheith sábháilte agus slán i do theach. Le do thoil, comhroinn é seo le do ghaolta, do chomharsana agus do chairde níos sine agus glac cúpla nóiméad de do chuid ama le plé a dhéanamh ar a mbaineann le slándáil agus na bearta coisctheacha seo a chur i bhfeidhm.

## Slándáil sa Bhaile

Anois agus na tráthnónta dorcha linn, is féidir go ndéanfar briseadh isteach i do theach a laghdú go suntasach trí chúpla réamhchúram a ghlacadh:

- Tugann teach ina bhfuil na soilse le feiceáil ann le fios go bhfuil duine éigin fán bhaile.
- Bain úsáid as lasca ama le soilse a chur ag dul agus tú amuigh le go mbeidh an chuma air go bhfuil duine sa teach.
- Sábháil fuinneamh agus airgead le bolgáin solais ísealfhuinnimh ó luí na gréine go dtí breacadh an lae. (Cosnaíonn bolgán ísealfhuinnimh níos lú ná 5p in aghaidh na seachtaine le feidhmiú má fhágtar ar siúl é ar feadh sé uair an chloig in aghaidh an lae.)
- Dún agus glasáil na doirse agus na fuinneoga go léir fiú mura bhfuil tú ag dul amach ach ar feadh cúpla bomaite agus coinnigh geataí slán go maith.
- Seiceáil go bhfuil do shoilsiú seachtrach go léir ag obair go maith agus cuir bolgáin nua ina n-áit más gá.
- Ná fág eochracha gluaisteáin in aice le do dhoras, bosca litreacha, ná fuinneoga.
- Seiceáil i gcónaí cé atá ag an doras. Níl tú cinnte? Ná hoscail an doras.
- Socraigh d'aláram nuair a théann tú amach agus san oíche. Mura bhfuil aláram agat, smaoinigh ar cheann a shuiteáil. Le haghaidh tuilleadh sonraí, déan teagmháil le d'Oifigeach Coiscthe Coireachta áitiúil ar 101.

## Camscéimeanna

Agus muid ag druidim leis an Nollaig, is dócha go dtiocfaidh méadú ar na camscéimeanna. Tagann siad ina bhfoirmeacha éagsúla ach tá na camscéimeanna teileafóin agus idirlín ar na cinn is coitianta. Bí cúramach nuair a dhéanann duine ar bith teagmháil leat ar an fhón atá ag iarraidh do shonraí pearsanta. Cuimhnigh nach n-iarrfaidh institiúidí airgeadais, comhlachtaí fóntais, forfheidhmiú an dlí, HMRC, soláthraithe idirlín agus teileafóin ná comhlachtaí poiblí eile do shonraí pearsanta ar an fhón choíche. Ní ghlacann siad le dearbháin ná le haistrithe bainc CHOÍCHE agus ní úsáidfidh siad iompar bagrach ar an fhón CHOÍCHE.

Cuimhnigh má tá cuma rómhaith air, is dócha nach bhfuil sé fíor!

Le nach mbeidh tú thíos le camscéim, téigh chuig Scamwise NI ag www.nidirect.gov.uk/campaigns/scamwiseni.

TUAIRISCIGH GACH GNÍOMHAÍOCHT AMHRASACH ar líne ag psni.police.uk. Glaoigh ar 101. I gcás éigeandála glaoigh ar 999.



CLICEÁIL ANSEO LEIS AN GHRAFAIC LÁNMHÉIDE A FHEICEÁIL

# Beart Imlonnaithe Scéim Maolaithe Tuilte Taoide Bhéal Feirste

**Tá sé mar aidhm ag Scéim Maolaithe Tuilte Taoide Bhéal Feirste cur chuige fadtéarmach a sholáthar maidir le bainistíocht riosca tuilte taoide don chathair agus cuidiú le Béal Feirste tionchar riosca tuilte taoide a bhaineann leis an athrú aeráide a bhainistiú, rud a chuirfidh cosaint fheabhsaithe ar fáil do bhreis is 3000 teach agus gnólacht ó thuilte taoide.**



Bacainní Sealadacha Tuilte ag an Droichead Rua



Bacainní Tuile Plainc agus Cuaille is Féidir a Bhaint as an Bhonn, ag an Léibheann Abhann

Cuireadh tús le tógáil an tionscadail ríthábhachtaigh seo don chathair i mí Iúil 2022 agus críochnaíodh é i mí na Nollag 2024. Bhain dearadh agus tógáil cosaintí tuilte leis an scéim a shíneann feadh thart ar 8.5km d'Abhainn taoide an Lagáin ó Chora an tSrutháin Mhilis go Calafort Bhéal Feirste, agus formhór acu tógtha go buan, comhdhéanta de choincréit, cumhdach brící agus painéil ghloine ionas go mbeidh an chuma atá ar na cosaintí ag teacht leis na sráideanna máguaird ag suíomhanna éagsúla.

Le gluaiseacht laethúil coisithe agus feithiclí a éascú, bhí gá le hoscailtí a fhágáil ag pointí rochtana iomadúla chuig an chosán tarraingthe agus ag go leor trasbhealaí bóthair. Caithfear na hoscailtí seo a bhainistiú agus a dhúnadh le cosaintí tuile in-díshuite nó sealadacha le linn rabaidh taoide.

Áirítear leis na bearta sealadacha a cuireadh i bhfeidhm:

- Bacainní Tuilte Cuaille agus Clár Adhmaid In-díshuite
- Geataí Tuilte
- Bacainní Tuilte Sealadacha
- Bacainní Tuilte Fráma-K
- Logaí Stoptha

Tá an Roinn Bonneagair freagrach as na bearta sealadacha seo a chur i bhfeidhm le linn rabaidh taoide. I mí Iúil, le cuidiú leis an fhoireann cleachtadh a fháil leis



Geata Tuilte

an trealamh agus nósanna imeachta freagartha éigeandála a chleachtadh, reáchtáladh seisiún oiliúna.

Ghlac níos mó ná 50 ball foirne páirt, ag dúnadh breis is 80 oscailt sna cosaintí tuilte agus ag cur cosaint leanúnach tuile i bhfeidhm timpeall na cathrach. Thar sheacht lá, cuireadh na bearta sealadacha go léir i bhfeidhm agus ansin baineadh iad, agus an cur isteach ba lú agus ab fhéidir a chinntiú ar an phobal a bhíonn ag taisteal. Beidh an cleachtadh seo mar chuid den oiliúint leanúnach ag an Roinn agus déanfar tástáil ar chodanna éagsúla gach bliain.

Ba mhaith leis an Roinn buíochas a ghabháil leis na gníomhaireachtaí uile a chuidigh leis an eispéireas tábhachtach foghlama seo a eagrú, agus go háirithe leis an phobal as a bhfoighne le linn na hoiliúna. Tá sonraí iomlána na scéime, lena n-áirítear sonraí na hoiliúna, le fáil ag [Scéim Maolaithe Tuilte Taoide Bhéal Feirste | An Roinn Bonneagair]



Bacainní Sealadacha Tuilte ag Claífort Ormeau



Bacainní In-díshuite Cuaille agus Clár Adhmaid ag Cé Pottingers



Bacainní In-díshuite Cuaille agus Clár Adhmaid ag Teach Glas John Murray

# Níos Láidre le Chéile: Gníomhaireachtaí Áitiúla ag Teacht le Chéile le Pobal a Fheabhsú



Teach Coolmoyne

**I mí an Mheithimh, bhí beart ilghníomhaireachta beo an-rathúil ar a dtugtar "Exercise High Rise" faoi stiúir Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (NIFRS). Dearadh an cleachtadh tábhachtach seo le tástáil a dhéanamh ar a fheabhas is féidir le seirbhísí éigeandála agus eagraíochtaí comhpháirtíochta oibriú le chéile le daoine a choinneáil slán le linn dóiteán tromchúiseach i bhfoirgneamh ard.**

A bhuí le tacaíocht Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann, rinneadh an beart i mbloc árasán ilstóir folamh amach ó Bhealach an Rí i nDún Muirigh. Suíomh réalaíoch don chás a bhí i dTeach Coolmoyne. Thug an foirgneamh atá le leagan go luath deis do ghníomhaireachtaí traenáil a dhéanamh i bhfíor-am, agus dá bhrí sin bhí an t-eispéireas chomh gar don réaltacht agus ab fhéidir.

Thug an beart réimse leathan eagraíochtaí le chéile, lena n-áirítear NIFRS, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann, Foireann um Sheasmhacht an Rialtais Áitiúil, Feidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann, Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, Comhairle Cathrach Lios na gCearrbhach agus an Chaisleáin Riabhaigh agus an Chros Dhearg.



Plé Oibríochtúil Ilghníomhaireachta le linn an Chleachtaidh

Rinne NIFRS samhaltú ar chás i bhfoirgneamh ina raibh dóiteán a d'éiligh tarrtháil ar chónaitheoirí gafa. Leis an chás a dhéanamh réalaíoch, líonadh codanna den fhoirgneamh le deatach, agus chaith comhraiceoirí dóiteáin fearas análaithe iomlán faoi mar a dhéanfadh siad i gcás fíoréigeandála. Ba é cuspóir an bhirt tarrtháil shábháilte agus rathúil a dhéanamh ar chónaitheoirí gafa san fhoirgneamh, agus bhí foghlaim ó Fhiosrúchán Thúr Grenfell mar chuid de seo fosta lena chinntiú go gcuirfí dea-chleachtais i bhfeidhm go háitiúil.

Cuireadh roinnt innill dóiteáin, otharchairr agus feithiclí póilíní chuig an láthair le linn an ghnímh beo-imeartha agus tionóladh Grúpa Comhordaithe Oirbheartaíochta (TCG) i Halla na Cathrach, Bhéal Feirste freisin. Ag an TCG, phléigh comhpháirtithe ilghníomhaireachta roghanna oirbheartaíochta bunaithe ar na nuashonruithe beo a fuair siad ón láthair.

Nuair a dhéanann seirbhísí éigeandála, comhairlí, soláthraithe tithíochta agus eagraíochtaí deonacha traenáil agus cleachtaí le chéile, is mó an mhuinín a bhíonn acu as a chéile ionas gur féidir cinntí a dhéanamh go gasta agus go héifeachtach i gcás fíoréigeandála faoi bhrú. Tá cleachtaí mar seo ríthábhachtach le pobail a chosaint agus le teipeanna i gcumarsáid agus i gcomhordú a chosc. Cuidíonn siad le pobal níos sábháilte, níos muiníní agus níos seasmhaí a chruthú.

# Bealaí le hEolas a fháil ar Loch Feabhail - Seasmhacht Chósta a Iniúchadh Trí Phobal agus Taighde

**Is timpeallacht mhuirí uathúil agus thábhachtach é an Feabhal. Is limistéar í atá luachmhar mar thoradh ar a háilleacht nádúrtha, gnáthóg do speicis éagsúla, foinse ríthábhachtach slí bheatha agus tionscail, agus limistéar a bhfuil tábhacht chultúrtha, áineasa agus stairiúil leis.**

Is tionscnamh maoinithe ag Taighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe (UKRI) é Gníomhartha Taighde Claochlaitheacha do Phobail Chósta Seasmhacha (TRACC) a mhairfidh ó 2024 go 2028. Díríonn TRACC ar sheasmhacht chósta a thógáil ar fud na Ríochta Aontaithe, ag obair le pobail i dTuaisceart Éireann, i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag le hiniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a dtuigeann, a gcuireann siad luach ar agus a gcothaíonn daoine a dtimpeallachtaí cósta trí rialachas níos fearr agus gníomhaíocht chomhoibríoch.

Le linn an Fhómhair seo a chuaigh thart, d'eagraigh TRACC dhá cheardlann, inar iarradh ar chónaitheoirí áitiúla, ceannairí pobail, agus taighdeoirí teacht le chéile agus "bealaí le heolas a chur ar" an Fheabhal a iniúchadh. Dearadh na seisiúin seo le bheith neamhfhoirmiúil, idirghníomhach, agus spraíúil—ag spreagadh rannpháirtithe lena gcuid léargas, taithí, agus dóchais don réigiún amach anseo a chomhroinnt. D'fhoghlaim na freastalaithe níos mó faoi thionscadal TRACC agus faoi ghrúpa foghlama an Fheabhail, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le cinnteoireacht agus rialachas níos fearr don cheantar. Trí ghníomhaíochtaí praiticiúla agus plé oscailte, spreag na ceardlanna comhráite faoin nasc atá ag daoine leis an Fheabhal, na dúshláin atá rompu, agus an chuma a bheadh ar chósta ní ba sheasmhaí as seo amach.

Trí eolas, pobail agus beartas a nascadh le chéile, tá sé mar aidhm ag TRACC cuidiú le saol níos seasmhaí agus níos cuimsithí amach anseo a thógáil do cheantair chósta ar nós an Fheabhail. Is céim spreagúil iad na ceardlanna seo lena chinntiú go leanfaidh an ceantar ag fás go rathúil—go héiceolaíoch, go heacnamaíoch agus go cultúrtha—do na glúnta atá le teacht.



**ceardlann ghrúpa níos leithne an tionscadail go luath san Fhómhar**

Dá mba mhaith leat páirt a ghlacadh sa chéad cheardlann eile nó tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, amharc ar thionscadal TRACC ar líne nó déan teagmháil le: An Dr Heather Ritchie, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste heather.ritchie@qub.ac.uk

Regional Community Resilience Group

# RÉIDH DON AIMSIR

## Nuachtlitir an Ghrúpa Réigiúnaigh um Sheasmhacht an Phobail (RCRG) – Ullmhú na mBall don tSíon

**Tá sé mar aidhm ag Nuachtlitir an Ghrúpa um Sheasmhacht Pobail Réigiúnaigh a bhaill a choinneáil ar an eolas faoin dóigh le hullmhú don aimsir.**

Bunaíodh an Grúpa Réigiúnach um Sheasmhacht Pobail (RCRG) in 2013 le cuidiú le pobail áitiúla ullmhú d'éigeandálaí a bhaineann leis an aimsir agus freagairt dóibh.

Tugann an grúpa Eagraíochtaí Comhpháirtíochta Ilghníomhaireachta ón rialtas, ó fhóntais agus ón earnáil dheonach le chéile le hoibriú ar son agus le Pobail atá i mBaol Drochaimsire.

Tá sé mar aidhm ag an RCRG fóram a chur ar fáil le comhordú, cumarsáid, obair chomhpháirtíochta agus tógáil acmhainne a éascú maidir le saincheisteanna um sheasmhacht phobail. Tá an grúpa ag obair faoi láthair le 50 pobal ar fud Thuaisceart Éireann réidh le heolas agus acmhainní a chur ar fáil dóibh agus ullmhacht agus bearta um sheasmhacht pobail a fheabhsú.

Ar an drochuair, leanfaidh drochaimsir de bheith ann ach trí chumarsáid mhaith, faisnéis inrochtana, iontaofa agus bearta praiticiúla atá fadbhunaithe, is féidir le pobail bearta féinchabhracha a chur i bhfeidhm le tionchair a laghdú agus foirgnimh a chosaint.

Bainfear úsáid as an nuachtlitir seo le haird a tharraingt ar fhorbairtí tábhachtacha le seasmhacht an phobail a fheabhsú, deis a thabhairt do phobail eispéiris a roinnt chun leasa daoine eile agus aird a tharraingt ar theagmhálaithe tábhachtacha freagróra le cuidiú le léitheoirí a bheith **Réidh don Aimsir!**

### Eagrais Chomhpháirtíochta:

Department for Infrastructure / An Roinn Bonneagair / Department fur Infrastructure – www.infrastructure-ni.gov.uk
Department for Communities / An Roinn Pobal / Department fur Commonities – www.communities-ni.gov.uk
Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs – www.daera-ni.gov.uk
Civil Contingencies Resilience – Be Ready for Emergencies
Local Government Resilience
Police Service of Northern Ireland
Northern Ireland Fire & Rescue Service
Northern Ireland Electricity Networks
niwater – Delivering what matters
Met Office
ea Education Authority
British Red Cross
Housing Executive
HSC Public Health Agency
The Consumer Council
Ministry of Defence
HM Coastguard
Climate Northern Ireland

## Uimhreacha i gCás Práinne

**Is cuma cé chomh réidh atáimid don drochaimsir, bíonn an baol ann i gcónaí go mbeidh éigeandáil sa bhaile againn. Seo liosta uimhreacha fóin a bheidh úsáideach sa chás go dtarlódh rud éigin gan choinne:**

**Seirbhísí Éigeandála:**
**999 or 112**

**Feidhmeannas Tithíochta:**
**03448 920 901**

**Líonra Leictreachais Thuaisceart Éireann:**
**03457 643643**

**Seirbhísí Práinne Gáis Thuaisceart Éireann:**
**0800 002 001**

**Líne Uisce Thuaisceart Éireann:**
**03457 440088**

**Líne Teagmhais Tuilte:**
**0300 2000 100**

**Tá comhairle agus eolas ar fáil faoi phlé le cásanna práinne ag:**
**www.nidirect.gov.uk/be-ready-for-emergencies**

**Fadhbanna le Bóithre agus Sráideanna:**
**www.nidirect.gov.uk/information-and-services/travel-transport-and-roads/problems-roads-and-streets**


Emergency
Grab and Go Checklist:
Something warm
Something to eat and drink
First aid kit
Your important paperwork
Charger for your phone
Cash
Torch
Radio
Your medicine
Don't forget:
Keep your grab bag handy!
redcross.org.uk
Be Ready!
Be Ready!


HOME
SECURITY
psni.police.uk
Report online. Call 101. In an emergency call 999
we care
we listen
we act
Police Service
of Northern Ireland